



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Foirm Tuarascála Chatagóir 1 nó 2

Is é cuspóir na Foirme Tuairisce seo ná a lig:

- i. iniúchóir reachtúil chun tuarascáil, i bhformáid chaighdeánach, a dhéanamh leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i gcás, le linn iniúchta a dhéanamh, go dtagann faisnéis ina seilbh a thugann le fios iad go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil cion de chatagóir 1 nó 2 déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó gníomhaire faoi Acht na gCuideachtaí. Eascraíonn an oibleagáid tuairiscithe seo faoi Alt 393 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, nó;
- ii. comhlacht gairmiúil forordaithe chun tuarascáil, i bhformáid chaighdeánach, a dhéanamh leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcás go gcinneann coiste araíonachta nó binse go bhfuil duine dá chomhaltaí ag stiúradh (a) foirceannadh nó (b) glacadóireacht nó (c) scrúdaitheoir, nár choinnigh sé taifid chuí, nó a bhfuil forais réasúnacha aige lena chreidiúint go ndearnadh cion de chatagóir 1 nó de chatagóir 2. Eascraíonn an oibleagáid tuairiscithe seo faoi ailt 688, 448 agus 558 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, nó;
- iii. omhlacht aitheanta cuntasóirí chun tuarascáil a dhéanamh, i bhformáid chaighdeánach, leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach go bhfuil forais réasúnacha aige lena chreidiúint go bhféadfadh duine a bheith tar éis cion 1 nó 2 faoi Acht na gCuideachtaí a dhéanamh fad a bhí an duine ball den chomhlacht. Eascraíonn an oibleagáid tuairiscithe seo faoi alt 931 (4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Féadfar an fhoirm seo a úsáid freisin chun tuairisciú a dhéanamh ar chionta indíotáilte arna ndéanamh faoi reachtaíocht roimh thosach feidhme Acht na gCuideachtaí 2014. I gcásanna den sórt sin, féadfar gach tagairt do chionta de chatagóir 1 nó de chatagóir 2 a léamh mar thagairtí do chionta indíotáilte.

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1, D01 W5C2 · 16 Parnell Square, Dublin 1, D01 W5C2

Fón / Phone: (+353) 1 8585800 · Facs / Fax: (+353) 1 8585801 · Íosghlao / Lo-Call: 1890 315 015 · R-phoist / E-mail: info@odce.ie

www.osfc.ie · www.odce.ie

Leagann an Fhoirm amach freisin an cineál faisnéise atá riachtanach chun go bhféadfaidh an Stiúrthóir agus a fhoireann meastóireacht cheart a dhéanamh ar an tuarascáil. Má cheap an t-iniúchóir, comhlacht gairmiúil forordaithe nó comhlacht aitheanta cuntasáochta gur tharla cion de chatagóir 1 nó de 2 de réir bhrí na rannán thuas, is féidir an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar aon le aon dhoiciméad tacaíochta nó fianaise eile.

Sula gcomhlánaíonn tú í, léigh na Nótaí ar chomhlánú na Tuarascála Tuairisce.

Nótaí ar chomhlánú na Tuarascála Tuairisce:

1. Ba cheart do gach duine agus/nó comhlacht a thuairiscíonn ceisteanna 1, 2 agus 15 a fhreagairt.
2. Ina theannta sin ba chóir na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:
 - Ba chóir go ndéanfaidh iniúchóirí a thuairiscíonn faoi (i) thuas ceisteanna 3 go 7 a fhreagairt, i.e. tuairisc ar chion amhrasta de chatagóir 1 nó 2 faoi alt 393 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
 - Ba chóir do chomhlachtaí gairmiúla forordaithe a thuairiscíonn faoi (ii) thuas ceisteanna Ceisteanna 8 go 11 a fhreagairt i.e. tuairisciú ar chinneadh maidir le teip leachtaitheora, glacadóra nó scrúdaitheora taifid chuí a choinneáil faoi ailt 688, 448 agus 558 d'Acht na gCuideachtaí 2014.
 - Ba chóir go ndéanfaidh comhlachtaí gairmiúla forordaithe agus comhlachtaí aitheanta cuntasáochta a thugann tuairisc faoi (ii) nó (iii) thuas ceisteanna Ceisteanna 10 agus 12 go 14 a fhreagairt i.e. forais réasúnacha a thuairisciú chun a chreidiúint go ndearna comhalta cion 1 nó 2 faoi Acht na gCuideachtaí - faoi ailt 688, 448, 558 agus 931 (4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

1. Sonraí an Iniúcháir / an Chomhlachta

Teideal (Uas./Ban/In.) Céadainm/Sloinne:

Ainm an Chomhlachta Tuairiscithe/an Ghnólachta:

Foráil reachtúil faoina bhfuil an tuarascáil á dhéanamh i.e.
Ailt 393, 448, 558, 688 nó 931 (4) Acht na gCuideachtaí 2014

Seoladh Poist (Eircode san áireamh):

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Theileafóin:

Gnó:
Soghluaiste:
Eile, más infheidhme:

Uimhir Facs:

2. Sonraí an duine / na ndaoine a bhfuil tú ag tuairisciú

Teideal (Uas./Ban/In.) Céadainm/Sloinne:

Ainm agus Uimhir OCC na Cuideachta (más infheidhme):

Seoladh(anna) (Eircode san áireamh):

Gnó:
Baile:

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Theileafóin:

Gnó:
Soghluaiste:
Eile, más infheidhme:


Uimhir Facs:

3. Ar pléadh an cheist leis na stiúrthóirí, an t-oifigeach / na hoifigigh nó an gníomhaire / na gníomhaithe? Má pléadh, tabhair le fios an ndearna na daoine sin an rogha ráiteas ar leith a chur ar fáil don Stiúrthóir, agus má tá, cibé acu an dtagann an ráiteas sin le do thuarascáil nó má mheastar go leanfaidh sé faoi chlúdach ar leithligh.

4. Sonraí faoin gcion / na cionta amhrasta de chatagóir 1 nó 2. Má theastaíonn spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.

5. Mionsonraí ar na forais ar a bhfuil tú tar éis teacht ar an tuairim gur ciontaíodh catagóir 1 nó 2 (ba chóir duit a chinntiú go bhfuil na sonraí a sholáthraítear mionsonraithe go leor chun gníomh cuí ag an Stiúrthóir a éascú). Má theastaíonn spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.

6. Tabhair sonraí faoin gcomhthéacs ina bhfuil do thuairisc á déanamh e.g. a mhéid a rinneadh imscrúdú ar na cúinsí as ar eascair an t-ábhar, cibé ar glacadh céimeanna chun an t-ábhar a réiteach srl. Má tá spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.



7. Faisnéis ábhartha eile, más ann di.



8. Tabhair sonraí ar conas a tháinig an t-ábhar seo faoi bhráid an Chomhlachta ar dtús. Má theastaíonn spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.

9. Tabhair sonraí maidir leis an ábhar / na hábhair as ar eascair an tuarascáil agus an próiseas smachtaithe a rinne an Comhlacht.

10. Tabhair sonraí faoi thorthaí phróiseas smachta an Fhionhlachta agus faoi aon ghníomh araíonachta a rinneadh i gcoinne an chomhalta e.e. fíneáil a fhorchur, ainm an chomhalta a fhoilsiú i bpreas gairmiúil, eisiámh srl.

Ba chóir cóipeanna den ábhar ábhartha uile a thacaíonn leis na torthaí a thabhairt freisin, mar aon le cóip den ordú toilithe nuair is infheidhme.

Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil dóthanach go leor chun gníomhaíocht chuí an Stiúrthóra a éascú. Má theastaíonn spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.

11. Faisnéis ábhartha eile, más ann di.

12. Tabhair sonraí faoin gcion / na cionta amhrasta agus na cúinsí inar tugadh aire dóibh. Má theastaíonn spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.

13. Tabhair sonraí faoi na forais ar a chreideann tú go ndearnadh cion catagóir 1 nó 2. Ba cheart gach doiciméad ábhartha a thacaíonn leis an tuairim go bhfuil forais ann a thabhairt, chomh maith le dátaí ábhartha. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis a sholáthraítear leordhóthanach chun go bhféadfaidh an Stiúrthóir an gníomh cuí a dhéanamh. Má theastaíonn spás breise uait, cuir bileoga breise leis seo.

14. Faisnéis ábhartha eile, más ann di.

15. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá sa Tuarascáil seo ceart ar feadh m'eolais agus mo thuirime.

Síniú:

Dáta:

Post i nGnólacht / Comhlacht e.e. Comhpháirtí, Rúnaí srl.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, ba chóir an Tuarascáil seo, agus an cháipéisíocht ghaolmhar, a chur ar aghaidh chuig:

~ **Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2

Tá cóipeanna breise den Fhoirm Tuairisce seo ar fáil ó na pointí teagmhála seo a leanas:

~ 01 858 5800

Íos-ghlao: 1890 315 015

- 01 858 5801

@ info@odce.ie

[http://www.odce.ie/Portals/0/Indictable Offences Report Form 2016 Irish.pdf](http://www.odce.ie/Portals/0/Indictable%20Offences%20Report%20Form%202016%20Irish.pdf)